An Bord Pleanála

## Achtanna na mBóithre 1993 go 2015
## Na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt 2000 go 2020

**ABP-306146-19**

**Fógra faoi chinneadh de chuid an Bhoird Phleanála maidir le bóthar beartaithe Fhaing to Luimneach (Seachbhóthar Áth Dara san áireamh) lena n-áirítear gach oibreacha coimhdeacha agus iarmharacha.**

**Anuas ar fhógra an Bhoird a foilsíodh ar an 12ú agus ar an 14ú Meán Fómhair, 2022, cuirtear in iúl duit gur fágadh an URL as an bhfógra de thaisme. Seo a leanas an URL: https://www.pleanala.ie/ga-ie/case/306146**

Ar an 30ú lá Lúnasa, 2022, i bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar dó faoi alt 51 d'Acht na Bóithre 1993 (leasaithe), rinne an Bord Pleanála ordú chun cead a thabhairt, faoi réir coinníollacha, don bhóthar atá beartaithe faoi mar a chuir Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh faoina bhráid.

Seo a leanas **achoimre** de choinníollacha chinneadh an Bhoird:

1. Déanfar agus críochnófar an fhorbairt bheartaithe de réir na bpleananna agus na sonraí a cuireadh faoi bhráid an Bhoird Pleanála leis an iarratas agus ag an éisteacht ó bhéal.
2. Déanfaidh an conraitheoir ceaptha an Plean Oibriúcháin Comhshaoil (EOP) a thabhairt chun críche agus a chur chun feidhme agus beidh sé faoi réir a fhaomhadh foirmiúil ón údarás bóithre agus ní sháróidh aon imeacht na héifeachtaí comhshaoil a bhfuil gealltanas tugtha ina leith san EIAR agus san EOP.
3. Déanfaidh an t-údarás bóithre teagmháil le hUisce Éireann chun cosaint imleor na sócmhainní suntasacha atá ann cheana a chomhaontú agus a chinntiú go gcoimeádtar rochtain chuí.
4. Déanfar Sceideal na nGealltanas Comhshaoil a nuashonrú chun bearta maolaithe breise agus sonraí eile a chorprú ann agus cuirfear chun feidhme iad ina n-iomláine.
5. Le linn chéim na tógála, ceapfar daoine le príomhróil chun maoirseacht a dhéanamh ar ghnéithe ábhartha an tionscadail, lena n-áirítear na gealltanais chomhshaoil a gealladh sa Tuarascáil ar Mheasúnú Tionchair Timpeallachta, Ráiteas Tionchair Natura agus an t-iarratas go ginearálta.

Is féidir téacs iomlán chinneadh an Bhoird, na coinníollacha san áireamh, a fheiceáil ar shuíomh Gréasáin an Bhoird ag https://www.pleanala.ie/ga-ie/case/306146. Beidh cóip de chinneadh an Bhoird agus an EIAR ar fáil lena scrúdú ag oifigí Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh le linn uaireanta oifige ar laethanta oibre ar feadh tréimhse 8 seachtaine ag tosú ar dháta foilsithe an fhógra seo.

Féadfaidh duine ar bith ceist a chur faoina bhailí atá cinneadh de chuid an Bhoird i bhfoirm athbhreithniú breithiúnach, faoi Ordú 84 de Rialacha na Cúirte Uachtaraí (I.R. Uimh. 15 de 1986), de réir alt 50 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (leasaithe).

Gheofar eolas praiticiúil ar mhodh an athbhreithnithe faoin gceannteideal Eolas ar Chásanna – Athbhreithniú Breithiúnach ar shuíomh gréasáin an Bhoird www.pleanala.ie nó ar shuíomh gréasáin na Seirbhíse Eolais do Shaoránaigh www.citizensinformation.ie.

An dáta foilsithe: 5ú Deireadh Fómhair, 2022.

An Bord Pleanála

## Roads Acts 1993 to 2015
## Planning and Development Acts 2000 to 2020

**ABP-306146-19**

**Notice of a decision by An Bord Pleanála in relation to the proposed Foynes to Limerick Road (including the Adare Bypass) including all ancillary and consequential works.**

**Further to the Board's notice published on the 12th and on the 14th September, 2022 you are advised that the URL was omitted from the notice in error. The URL is now specified as follows: https://www.pleanala.ie/en-ie/case/306146**

An Bord Pleanála has, on the 30th day of August, 2022, in exercise of the powers vested in it by section 51 of the Roads Act, 1993, as amended, made an order to approve subject to conditions the proposed road as submitted by Limerick City and County Council.

The conditions of the Board's decision are **summarised** as follows:

1. The proposed development shall be carried out and completed in accordance with the plans and particulars submitted to An Bord Pleanála with the application and at the oral hearing.
2. The Environmental Operating Plan (EOP) shall be finalised and implemented by the appointed contractor and shall be subject to formal approval by the road authority and any deviations shall not cause an exceedance of the environmental effects committed to in the EIAR and EOP.
3. The road authority shall engage with Irish Water to agree adequate protection of existing significant assets and ensure appropriate access is maintained.
4. The Schedule of Environmental Commitments shall be updated to incorporate additional mitigation measures and other details and shall be implemented in full.
5. During the construction phase, persons with key roles to oversee the relevant aspects of the project, including the environmental commitments that have been committed to in the Environmental Impact Assessment Report, Natura Impact Statement and the application generally, shall be appointed.

The full text of the Board's decision, including conditions, can be viewed on the Board's website at https://www.pleanala.ie/en-ie/case/306146. A copy of the Board's decision and the EIAR is available for inspection at the offices of Limerick City and County Council during office hours on working days for a period of 8 weeks beginning on the date of publication of this notice.

A person may question the validity of a decision by the Board by way of an application for judicial review, under Order 84 of the Rules of the Superior Courts (S.I. No. 15 of 1986), in accordance with section 50 of the Planning and Development Act, 2000, as amended.

Practical information on the review mechanism can be accessed under the heading Information on Cases – Judicial review on the Board's website www.pleanala.ie or on the Citizens Information Service website www.citizensinformation.ie.

Date of publication: 5th of October, 2022.